C/2024/1458

9.2.2024

Foilsiú iarratais ar ainm a chlárú de bhun Airteagal 97(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle in earnáil an fhíona

(C/2024/1458)

Lena fhoilsiú seo, tugtar an ceart chun cur i gcoinne an iarratais de bhun Airteagal 98 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo.

IARRATAS AR AINM NUA FÍONA

'Twente'

PDO-NL-02873

Dáta cur i bhfeidhm: 27.10.2022

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

   Twente

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

   ATFC – ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint

3. **Catagóirí táirgí fíniúna**

   1. Fíon
   3. Fíon licéir
   5. Fíon súilíneach ar ardchaighdeán
   9. Fíon leathshúilíneach aeraithe
   15. Fíon ó fhíonchaora rísínithe
   16. Fíon ó fhíonchaora ró-aibí

4. **Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fíonnta**

   1. CATAGÓIR FÍONA 1. FÍON, an cineál fíona: fíon dearg, tirim, an-torthaíoch

   TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

   Féadfaidh na fíonta a bheith déanta as cineál aonair fíonchaoire nó as cumasc de roinnt cineálacha. Ós rud é gur féidir leis na cumaisc a bheith beagán éagsúil ó bhliain go bliain, d'fhéadfadh na saintréithe orgánaileipteacha tipiciúla (dath/dea-bholadh/blas) ar a dtugtar tuairisc thíos a bheith éagsúil freisin.

   Cineálacha fíonchaoire: na cineálacha fíonchaor dearg sa liosta cineálacha

   Dath: dearg

   Dea-bholadh: torthaí dearga/dubha (cuiríní dubha agus fraocháin ghorma), beagán spíosrach

   Blas: saintréith thorthaíoch, agus blas tathagach agus tainniní boga

   Méid siúcra: ó 0,5 go 6 ghram in aghaidh an lítir

   Tá na saintréithe thíos nach sonraítear aon luach ina leith i gcomhréir leis na teorainneacha a leagtar síos i Rialacháin an Aontais agus Orduithe ó Aire de chuid na hÍsiltíre.

([1]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 671.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (de réir % toirte)	
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)	11,5
Aigéadacht iomlán íosta	63,84 mhilleachoibhéis in aghaidh an lítir
Aigéadacht luaineach uasta (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	

2. CATAGÓIR FÍONA 1. FÍON, an cineál fíona: fíon dearg, tirim, aosaithe i mbairillí adhmaid

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Féadfaidh na fíonta a bheith déanta as cineál aonair fíonchaoire nó as cumasc de roinnt cineálacha. Ós rud é gur féidir leis na cumaisc a bheith beagán éagsúil ó bhliain go bliain, d'fhéadfadh na saintréithe orgánaileipteacha tipiciúla (dath/dea-bholadh/blas) ar a dtugtar tuairisc thíos a bheith éagsúil freisin.

Cineálacha fíonchaoire: na cineálacha fíonchaor dearg sa liosta cineálacha

Dath: dúdhearg

Dea-bholadh: dea-bholaithe diana de thorthaí dorcha aibí arna bhforlíonadh le spíosracht an phiobair, an chlóibh, an labhrais agus an tobac

Blas: dea-bholaithe an-torthaíoch de thorthaí dearga/dubha (cuiríní dubha agus fraocháin ghorma), struchtúr lántainnine agus ruainnín spíosraí ann

Méid siúcra: ó 0,0 go 6,0 gram in aghaidh an lítir

Tá na saintréithe thíos nach sonraítear aon luach ina leith i gcomhréir leis na teorainneacha a leagtar síos i Rialacháin an Aontais agus Orduithe ó Aire de chuid na hÍsiltíre.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (de réir % toirte)	
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)	12
Aigéadacht iomlán íosta	53,26 milleachoibhéis in aghaidh an lítir
Aigéadacht luaineach uasta (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	

3. CATAGÓIR FÍONA 1. FÍON, an cineál fíona: fíon geal, tirim, torthaíoch

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Féadfaidh na fíonta a bheith déanta as cineál aonair fíonchaoire nó as cumasc de roinnt cineálacha. Ós rud é gur féidir leis na cumaisc a bheith beagán éagsúil ó bhliain go bliain, d'fhéadfadh na saintréithe orgánaileipteacha tipiciúla (dath/dea-bholadh/blas) ar a dtugtar tuairisc thíos a bheith éagsúil freisin.

Cineálacha fíonchaoire: na cineálacha fíonchaor geala ar liosta na gcineálacha (agus na cineálacha fíonchaor dearga i gcás *blanc de noir*)

Dath: buí (b'fhéidir le beagán datha i gcás *blanc de noir*)

Dea-bholadh: torthaí úra, úll, citreas

Blas: an-torthaíoch agus struchtúr úr, tathagach

Méid siúcra: ó 1,0 go 8,0 gram in aghaidh an lítir

Tá na saintréithe thíos nach sonraítear aon luach ina leith i gcomhréir leis na teorainneacha a leagtar síos i Rialacháin an Aontais agus Orduithe ó Aire de chuid na hÍsiltíre.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (de réir % toirte)	
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)	10,5
Aigéadacht iomlán íosta	77,14 milleachoibhéis in aghaidh an lítir
Aigéadacht luaineach uasta (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	

4. CATAGÓIR FÍONA 1. FÍON, an cineál fíona: fíon geal, tirim, aosaithe i mbairillí adhmaid

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Féadfaidh na fíonta a bheith déanta as cineál aonair fíonchaoire nó as cumasc de roinnt cineálacha. Ós rud é gur féidir leis na cumaisc a bheith beagán éagsúil ó bhliain go bliain, d'fhéadfadh na saintréithe orgánaileipteacha tipiciúla (dath/dea-bholadh/blas) ar a dtugtar tuairisc thíos a bheith éagsúil freisin.

Cineálacha fíonchaoire: na cineálacha fíonchaor geal i liosta na gcineálacha

Dath: idir buí agus oráiste

Dea-bholadh: toradh trópaiceach, bláthach le blasanna adhmadacha fíneálta

Blas: an-torthaíoch, agus struchtúr tathagach atá uachtarúil de thoradh aosú bairille, iarbhlas tathagach

Méid siúcra: ó 1,0 go 8,0 gram in aghaidh an lítir

Tá na saintréithe thíos nach sonraítear aon luach ina leith i gcomhréir leis na teorainneacha a leagtar síos i Rialacháin an Aontais agus Orduithe ó Aire de chuid na hÍsiltíre.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (de réir % toirte)	
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)	11,5
Aigéadacht iomlán íosta	77,14 milleachoibhéis in aghaidh an lítir
Aigéadacht luaineach uasta (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	

5. CATAGÓIR FÍONA 1. FÍON, an cineál fíona: fíon geal, leathmhilis, torthaíoch

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Féadfaidh na fíonta a bheith déanta as cineál aonair fíonchaoire nó as cumasc de roinnt cineálacha. Ós rud é gur féidir leis na cumaisc a bheith beagán éagsúil ó bhliain go bliain, d'fhéadfadh na saintréithe orgánaileipteacha tipiciúla (dath/dea-bholadh/blas) ar a dtugtar tuairisc thíos a bheith éagsúil freisin.

Cineálacha fíonchaoire: na cineálacha fíonchaor geal i liosta na gcineálacha

Dath: buí dorcha

Dea-bholadh: an-torthaíoch, bláthach

Blas: torthaíoch, agus iarbhlas tathagach

Méid siúcra: ó 12 go 45 ghram in aghaidh an lítir

Tá na saintréithe thíos nach sonraítear aon luach ina leith i gcomhréir leis na teorainneacha a leagtar síos i Rialacháin an Aontais agus Orduithe ó Aire de chuid na hÍsiltíre.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (de réir % toirte)	
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)	10
Aigéadacht iomlán íosta	79,89 milleachoibhéis in aghaidh an lítir
Aigéadacht luaineach uasta (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	

6. CATAGÓIR FÍONA 1. FÍON, an cineál fíona: fíon milis / torthaíoch

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Féadfaidh na fíonta a bheith déanta as cineál aonair fíonchaoire nó as cumasc de roinnt cineálacha. Ós rud é gur féidir leis na cumaisc a bheith beagán éagsúil ó bhliain go bliain, d'fhéadfadh na saintréithe orgánaileipteacha tipiciúla (dath/dea-bholadh/blas) ar a dtugtar tuairisc thíos a bheith éagsúil freisin.

Cineálacha fíonchaoire: na cineálacha fíonchaor geal i liosta na gcineálacha

Dath: buí dorcha

Dea-bholadh: an-torthaíoch, bláthach

Blas: torthaíoch, agus iarbhlas tathagach

Méid siúcra: > 45 ghram in aghaidh an lítir

Tá na saintréithe thíos nach sonraítear aon luach ina leith i gcomhréir leis na teorainneacha a leagtar síos i Rialacháin an Aontais agus Orduithe ó Aire de chuid na hÍsiltíre.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (de réir % toirte)	
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)	5
Aigéadacht iomlán íosta	86,54 milleachoibhéis in aghaidh an lítir
Aigéadacht luaineach uasta (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	

7. CATAGÓIR FÍONA 1. FÍON, an cineál fíona: rosé, tirim, an-torthaíoch

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Féadfaidh na fíonta a bheith déanta as cineál aonair fíonchaoire nó as cumasc de roinnt cineálacha. Ós rud é gur féidir leis na cumaisc a bheith beagán éagsúil ó bhliain go bliain, d'fhéadfadh na saintréithe orgánaileipteacha tipiciúla (dath/dea-bholadh/blas) ar a dtugtar tuairisc thíos a bheith éagsúil freisin.

Cineálacha fíonchaoire: na cineálacha fíonchaor dearg sa liosta cineálacha

Dath: bándearg éadrom

Dea-bholadh: beagán spíosrach, torthaí dearga

Blas: saintréith thorthaíoch, ach blas tathagach agus tainniní boga

Méid siúcra: ó 1,0 go 8,0 gram in aghaidh an lítir

Tá na saintréithe thíos nach sonraítear aon luach ina leith i gcomhréir leis na teorainneacha a leagtar síos i Rialacháin an Aontais agus Orduithe ó Aire de chuid na hÍsiltíre.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (de réir % toirte)	
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)	10
Aigéadacht iomlán íosta	63,84 mhilleachoibhéis in aghaidh an lítir
Aigéadacht luaineach uasta (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	

8. CATAGÓIR FÍONA 3. FÍON LICÉIR

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Féadfaidh na fíonta a bheith déanta as cineál aonair fíonchaoire nó as cumasc de roinnt cineálacha. Ós rud é gur féidir leis na cumaisc a bheith beagán éagsúil ó bhliain go bliain, d'fhéadfadh na saintréithe orgánaileipteacha tipiciúla (dath/dea-bholadh/blas) ar a dtugtar tuairisc thíos a bheith éagsúil freisin.

Cineálacha fíonchaoire: na cineálacha fíonchaor dearg sa liosta cineálacha

Dath: dearg

Dea-bholadh: torthaí dearga/dubha (cuiríní dubha agus fraocháin ghorma), beagán spíosrach

Blas: blas spíosrach

Méid siúcra: ó 50 go 100 gram in aghaidh an lítir

Tá na saintréithe thíos nach sonraítear aon luach ina leith i gcomhréir leis na teorainneacha a leagtar síos i Rialacháin an Aontais agus Orduithe ó Aire de chuid na hÍsiltíre.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (de réir % toirte)	
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)	18
Aigéadacht iomlán íosta	63,84 mhilleachoibhéis in aghaidh an lítir
Aigéadacht luaineach uasta (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	

9. CATAGÓIR FÍONA 5. FÍON SÚILÍNEACH AR ARDCHAIGHDEÁN, An cineál fíona: fíon geal súilíneach, torthaíoch

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Féadfaidh na fíonta a bheith déanta as cineál aonair fíonchaoire nó as cumasc de roinnt cineálacha. Ós rud é gur féidir leis na cumaisc a bheith beagán éagsúil ó bhliain go bliain, d'fhéadfadh na saintréithe orgánaileipteacha tipiciúla (dath/dea-bholadh/blas) ar a dtugtar tuairisc thíos a bheith éagsúil freisin.

Cineálacha fíonchaoire: na cineálacha fíonchaor geal i liosta na gcineálacha

Dath: buí éadrom

Dea-bholadh: torthaí bána/buí úra

Blas: torthaíoch, úr le bolgáin an-bheaga, agus struchtúr tathagach

Méid siúcra: ó 0 go 12 ghram in aghaidh an lítir

Tá na saintréithe thíos nach sonraítear aon luach ina leith i gcomhréir leis na teorainneacha a leagtar síos i Rialacháin an Aontais agus Orduithe ó Aire de chuid na hÍsiltíre.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (de réir % toirte)	
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)	10,5
Aigéadacht iomlán íosta	79,89 milleachoibhéis in aghaidh an lítir
Aigéadacht luaineach uasta (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	

10. CATAGÓIR FÍONA 5. FÍON SÚILÍNEACH AR ARDCHAIGHDEÁN, An cineál fíona: fíon rosé súilíneach, torthaíoch

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Féadfaidh na fíonta a bheith déanta as cineál aonair fíonchaoire nó as cumasc de roinnt cineálacha. Ós rud é gur féidir leis na cumaisc a bheith beagán éagsúil ó bhliain go bliain, d'fhéadfadh na saintréithe orgánaileipteacha tipiciúla (dath/dea-bholadh/blas) ar a dtugtar tuairisc thíos a bheith éagsúil freisin.

Cineálacha fíonchaoire: na cineálacha fíonchaor dearg sa liosta cineálacha

Dath: bándearg éadrom

Dea-bholadh: toradh dearg aibí

Blas: mús mín, struchtúr tathagach ag a bhfuil dea-bholaithe de thorthaí dearga úra

Méid siúcra: ó 0 go 12 ghram in aghaidh an lítir

Tá na saintréithe thíos nach sonraítear aon luach ina leith i gcomhréir leis na teorainneacha a leagtar síos i Rialacháin an Aontais agus Orduithe ó Aire de chuid na hÍsiltíre.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (de réir % toirte)	
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)	10,5
Aigéadacht iomlán íosta	79,89 milleachoibhéis in aghaidh an lítir
Aigéadacht luaineach uasta (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	

11. CATAGÓIR FÍONA 9. FÍON LEATHSHÚILÍNEACH AERAITHE, An cineál fíona: fíon geal leathshúilíneach, torthaíoch

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Féadfaidh na fíonta a bheith déanta as cineál aonair fíonchaoire nó as cumasc de roinnt cineálacha. Ós rud é gur féidir leis na cumaisc a bheith beagán éagsúil ó bhliain go bliain, d'fhéadfadh na saintréithe orgánaileipteacha tipiciúla (dath/dea-bholadh/blas) ar a dtugtar tuairisc thíos a bheith éagsúil freisin.

Cineálacha fíonchaoire: na cineálacha fíonchaor geal i liosta na gcineálacha

Dath: buí éadrom

Dea-bholadh: toradh bán, bláthach

Blas: mús measartha, torthaí bána agus aigéadacht thorthaíoch

Méid siúcra: ó 5,0 go 24,0 gram in aghaidh an lítir

Tá na saintréithe thíos nach sonraítear aon luach ina leith i gcomhréir leis na teorainneacha a leagtar síos i Rialacháin an Aontais agus Orduithe ó Aire de chuid na hÍsiltíre.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (de réir % toirte)	
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)	10
Aigéadacht iomlán íosta	79,89 milleachoibhéis in aghaidh an lítir
Aigéadacht luaineach uasta (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	

12. CATAGÓIR FÍONA 9. FÍON LEATHSHÚILÍNEACH AERAITHE, An cineál fíona: fíon rosé leathshúilíneach, torthaíoch

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Féadfaidh na fíonta a bheith déanta as cineál aonair fíonchaoire nó as cumasc de roinnt cineálacha. Ós rud é gur féidir leis na cumaisc a bheith beagán éagsúil ó bhliain go bliain, d'fhéadfadh na saintréithe orgánaileipteacha tipiciúla (dath/dea-bholadh/blas) ar a dtugtar tuairisc thíos a bheith éagsúil freisin.

Cineálacha fíonchaoire: na cineálacha fíonchaor dearg sa liosta cineálacha

Dath: bándearg éadrom

Dea-bholadh: torthaí dearga samhraidh

Blas: mús measartha, torthaí dearga samhraidh agus aigéadacht úr

Méid siúcra: ó 5,0 go 24,0 gram in aghaidh an lítir

Tá na saintréithe thíos nach sonraítear aon luach ina leith i gcomhréir leis na teorainneacha a leagtar síos i Rialacháin an Aontais agus Orduithe ó Aire de chuid na hÍsiltíre.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (de réir % toirte)	
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)	10
Aigéadacht iomlán íosta	79,89 milleachoibhéis in aghaidh an lítir
Aigéadacht luaineach uasta (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	

13. CATAGÓIR FÍONA 15. FÍON Ó FHÍONCHAORA RÍSÍNITHE, An cineál fíona: fíon milis

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Féadfaidh na fíonta a bheith déanta as cineál aonair fíonchaoire nó as cumasc de roinnt cineálacha. Ós rud é gur féidir leis na cumaisc a bheith beagán éagsúil ó bhliain go bliain, d'fhéadfadh na saintréithe orgánaileipteacha tipiciúla (dath/dea-bholadh/blas) ar a dtugtar tuairisc thíos a bheith éagsúil freisin.

Cineálacha fíonchaoire: na cineálacha fíonchaor geal i liosta na gcineálacha

Dath: buí órga

Dea-bholadh: torthaí, citreas

Blas: struchtúr tathagach, uachtarúil, milis agus blasanna úra, tathagacha

Méid siúcra: ó 100 go 220 gram in aghaidh an lítir

Tá na saintréithe thíos nach sonraítear aon luach ina leith i gcomhréir leis na teorainneacha a leagtar síos i Rialacháin an Aontais agus Orduithe ó Aire de chuid na hÍsiltíre.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (de réir % toirte)	
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)	9
Aigéadacht iomlán íosta	79,8 milleachoibhéis in aghaidh an lítir
Aigéadacht luaineach uasta (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	

14. CATAGÓIR FÍONA 16. FÍON Ó FHÍONCHAORA RÓ-AIBÍ, An cineál fíona: fíon milis

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Féadfaidh na fíonta a bheith déanta as cineál aonair fíonchaoire nó as cumasc de roinnt cineálacha. Ós rud é gur féidir leis na cumaisc a bheith beagán éagsúil ó bhliain go bliain, d'fhéadfadh na saintréithe orgánaileipteacha tipiciúla (dath/dea-bholadh/blas) ar a dtugtar tuairisc thíos a bheith éagsúil freisin.

Cineálacha fíonchaoire: na cineálacha fíonchaor geal i liosta na gcineálacha

Dath: buí órga

Dea-bholadh: torthaí, citreas

Blas: struchtúr tathagach, uachtarúil, milis agus blasanna úra, tathagacha

Méid siúcra: ó 20 go 80 gram in aghaidh an lítir

Tá na saintréithe thíos nach sonraítear aon luach ina leith i gcomhréir leis na teorainneacha a leagtar síos i Rialacháin an Aontais agus Orduithe ó Aire de chuid na hÍsiltíre.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (de réir % toirte)	
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)	12
Aigéadacht iomlán íosta	73,15 milleachoibhéis in aghaidh an lítir
Aigéadacht luaineach uasta (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	

5. **Cleachtais fíonóireachta**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

1. CATAGÓIR FÍONA 1. Fíon, An cineál fíona: fíon dearg, tirim, an-torthaíoch

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

— Coipeadh ar chraicne go ceann 4 lá ar a laghad

— Lánchoipeadh malalachtach

2. CATAGÓIR FÍONA 1. Fíon, An cineál fíona: fíon dearg, tirim, aosaithe i mbairillí adhmaid

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

— Coipeadh ar chraicne go ceann 4 lá ar a laghad

— Lánchoipeadh malalachtach

— Aosú i mbairillí adhmaid go ceann 8 mí ar a laghad

3. CATAGÓIR FÍONA 1. Fíon, An cineál fíona: fíon geal, tirim, torthaíoch

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

— Fuarchoipeadh faoi bhun 20 °C (ach amháin i gcás méadú sa teocht ag tús an choipthe le haghaidh fíonta atá deacair a choipeadh)

4. CATAGÓIR FÍONA 1. Fíon, An cineál fíona: fíon geal, tirim, aosaithe i mbairillí adhmaid

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

— Fuarchoipeadh faoi bhun 20 °C (ach amháin i gcás méadú sa teocht ag tús an choipthe le haghaidh fíonta atá deacair a choipeadh)

— Aosú i mbairillí adhmaid le haghaidh 50 % ar a laghad den mhéid go ceann 3 mhí ar a laghad

5. CATAGÓIR FÍONA 1. Fíon, An cineál fíona: An cineál fíona: fíon geal, leathmhilis/milis, torthaíoch

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

— Fuarchoipeadh faoi bhun 20 °C (ach amháin i gcás méadú sa teocht ag tús an choipthe le haghaidh fíonta atá deacair a choipeadh)

6. CATAGÓIR FÍONA 1. Fíon, An cineál fíona: An cineál fíona: An cineál fíona: rosé, tirim, an-torthaíoch

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

— Fuarchoipeadh faoi bhun 20 °C (ach amháin i gcás méadú sa teocht ag tús an choipthe le haghaidh fíonta atá deacair a choipeadh)

— Eastósctar an dath rosé trí mhaothú fuar ar chraicne nó tríd an modh *saignée* a úsáid.

7. CATAGÓIR FÍONA 3. Fíon licéir

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

— Coipeadh ar chraicne go ceann 4 lá ar a laghad

— Aosú i mbairillí adhmaid go ceann 2 bhliain ar a laghad

— Alcól fíona a chur leis

8. CATAGÓIR FÍONA 5. Fíon súilíneach ar ardchaighdeán, An cineál fíona: fíon geal súilíneach, torthaíoch

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

— Fuarchoipeadh faoi bhun 20 °C (ach amháin i gcás méadú sa teocht ag tús an choipthe le haghaidh fíonta atá deacair a choipeadh)

— Dara coipeadh sa bhuidéal, ag úsáid an mhodha thraidisiúnta

9. CATAGÓIR FÍONA 5. Fíon súilíneach ar ardchaighdeán, An cineál fíona: fíon rosé súilíneach, torthaíoch

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

— Fuarchoipeadh faoi bhun 20 °C (ach amháin i gcás méadú sa teocht ag tús an choipthe le haghaidh fíonta atá deacair a choipeadh)

— Eastósctar an dath rosé trí mhaothú fuar ar chraicne nó tríd an modh *saignée* a úsáid.

— Dara coipeadh sa bhuidéal, ag úsáid an mhodha thraidisiúnta

10. CATAGÓIR FÍONA 9. Fíon leathshúilíneach aeraithe, An cineál fíona: fíon geal leathshúilíneach, torthaíoch

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

— Fuarchoipeadh faoi bhun 20 °C (ach amháin i gcás méadú sa teocht ag tús an choipthe le haghaidh fíonta atá deacair a choipeadh)

— Uasmhéid 2,5 bar de CO_2 sa bhuidéal

11. CATAGÓIR FÍONA 9. Fíon leathshúilíneach aeraithe, An cineál fíona: fíon rosé leathshúilíneach, torthaíoch

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

— Fuarchoipeadh faoi bhun 20 °C (ach amháin i gcás méadú sa teocht ag tús an choipthe le haghaidh fíonta atá deacair a choipeadh)

— Eastósctar an dath rosé trí mhaothú fuar ar chraicne nó tríd an modh *saignée* a úsáid.

— Uasmhéid 2,5 bar de CO_2 sa bhuidéal

12. CATAGÓIR FÍONA 15. Fíon ó fhíonchaora rísínithe, an cineál fíona: fíon milis

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

— Tá céim bhreise ann lena ligtear do na fíonchaora a aibiú níos faide chun na siúcraí agus na dea-bholaithe a dhlúthú.

— Fuarchoipeadh faoi bhun 20 °C (ach amháin i gcás méadú sa teocht ag tús an choipthe le haghaidh fíonta atá deacair a choipeadh)

— Faightear an fíon ó fhíonchaora a díhiodráitíodh go páirteach (trí thriomú). Dá thoradh sin, tá toirt fhéideartha alcóil íosta 16 % ag úrfhíon na bhfíonchaor sin (nó ar a laghad 272 ghram siúcra in aghaidh an lítir) gan saibhriú.

13. CATAGÓIR FÍONA 16. Fíon ó fhíonchaora ró-aibí

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

— Buainte dhéanach agus ardmhéid siúcra

— Fuarchoipeadh faoi bhun 20 °C (ach amháin i gcás méadú sa teocht ag tús an choipthe le haghaidh fíonta atá deacair a choipeadh)

5.2. *Uastáirgeacht*

1. Fíon

   60 heictilítear in aghaidh an heicteáir

2. Fíon licéir

   60 heictilítear in aghaidh an heicteáir

3. Fíon súilíneach ar ardchaighdeán

   60 heictilítear in aghaidh an heicteáir

4. Fíon leathshúilíneach aeraithe

   60 heictilítear in aghaidh an heicteáir

5. Fíon ó fhíonchaora rísínithe

   60 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. Fíon ó fhíonchaora ró-aibí

   60 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Is réigiún in oirthear na hÍsiltíre é Twente lena gcuimsítear an chuid thoir de chúige Overijssel. San iarthar agus sa tuaisceart, tá teorainn aige le réigiún Salland, atá in Overijssel freisin, agus déanann Abhainn Regge an teorainn ag Nijverdal. Sa deisceart, tá teorainn aige le réigiún Achterhoek, i gcúige Gelderland. San oirdheisceart, tá teorainn aige le ceantar na Gearmáine Borken, agus san oirthear agus sa tuaisceart, tá teorainn aige le contae Bentheim, atá sa Ghearmáin freisin, áit ina mbreathnaítear ar Abhainn Dinkel mar theorainn nádúrtha.

7. **Cineál/cineálacha fíniúna**

Cabaret Noir N (VB-91-26-4)

Cabernet Blanc B (VB-91-26-1)

Cabernet Cortis

Cabertin N (VB-91-26-17)

CHARDONNAY B

Johanniter B

Pinot Gris G

Pinot Noir N

Pinotin N

Regent N

Riesling B

Rondo N

Solaris

Souvignier Gris

Zweigeltrebe N

8. **Tuairisc ar an nasc (na naisc)**

8.1. *Ginearálta*

An *terroir* – gach ceann de na tionchair ar an bhfíniúin agus san fhíonghort – bíonn tionchar mór aige ar ardchaighdeán an fhíona. Laistigh den limistéar geografach críochaithe Twente, na gnéithe uile den terroir, is é sin an aeráid, suíomh, ithir agus bainistíocht fíonghoirt, chomh maith leis an bpróiseas fíonóireachta, cuireann siad le cáilíocht an fhíona. Is é sin an cás maidir le gach catagóir fíona.

8.2. *Ithir*

Is cuid nach beag d'ithir Twente é gaineamh dúrabháin, agus tá cré bholláin ansin freisin. Is iad na hithreacha níos coitianta plaggen, podsail agus ithreacha cré bholláin na cineálacha ithreach atá oiriúnach d'fhíonsaothrú anseo, toisc go bhfuil dúrabhán (thart ar 15 % go 30 %) agus húmas (thart ar 2 %) ann, a chuireann le cothromaíocht an uisce.

8.3. *An aeráid*

Bhí na saintréithe seo a leanas ag an aeráid le linn na tréimhse ó mhí Aibreáin go mí Mheán Fómhair (séasúr fíonchaoire) idir 2016 agus 2020:

— Innéacs Huglin: 1 681

— Meánteocht: 15,7 °C

— Íosteocht mheánach: 9,3 °C

— Uasteocht mheánach: 21,5 °C

— Meán-bhogthaise choibhneasta: 73 %

— Meánfhrasaíocht: 1,7 mm in aghaidh an lae (thart ar 51 mm in aghaidh na míosa)

— Meánlíon uaireanta an chloig gréine: 7,2 uair an chloig in aghaidh an lae

— Galú: 28,3

Leis an aeráid mheasartha mhuirí cuidítear leis na fíonchaora an aibíocht is gá a bhaint amach, ach le húire agus torthaíocht an fhíona (toisc go mbíonn an difríocht idir teochtaí an lae agus teochtaí na hoíche níos mó agus teocht na hoíche beagán níos ísle – thart ar 1 °C go 1,5 °C níos ísle – ná a bhíonn i bhformhór na hÍsiltíre). Is fachtóir mór é sin chun aigéadacht úr shainiúil an fhíona a choinneáil.

Ó mhí Aibreáin go dtí mí Mheán Fómhair, bíonn na teochtaí fabhrach d'fhíonsaothrú, mar a thaispeánann innéacs Huglin (ag sroicheadh os cionn 1 650), agus do na cineálacha fíonchaor a fhástar (dóthain teasa).

Fíoraítear é sin tríd an líon uaireanta an chloig gréine, ag thart ar 7,2 uair an chloig in aghaidh an lae ó mhí Aibreáin go dtí mí Mheán Fómhair, ar a tháinig méadú 23,9 % ó bhí 1996 ann.

D'fhan an mheánteocht íosta mar an gcéanna a bheag nó a mhór agus tá sí fabhrach d'aibiú (rud a chiallaíonn go gcoinníonn na fíonchaora a ndóthain aigéadachta le haghaidh fíon aeráide fionnuaire).

Is mar gheall ar na moiréin timpeall ar Twente iad difríochtaí suntasacha na haeráide sin.

Tá leibhéal na báistí leordhóthanach, ach uaireanta éilítear aird a thabhairt ar an treocht i dtreo míonna níos tirime idir mí Aibreáin agus mí Iúil. Bíonn tionchar ag na leibhéil ghalaithe níos airde air sin freisin, a bhí thart ar 24,5 agus atá thart ar 28,3 anois.

Is minic go mbíonn sioc san oíche fiú tar éis dó sceitheadh na mbachlóg a tharlú. Tharla sé sin i 4 bliana as 5 bliana le déanaí agus is féidir gur gá gníomhaíocht a dhéanamh chun damáiste ón sioc a chosc.

8.4. *Cleachtais saothraithe agus fíonóireachta*

Is gné eile é an t-ionchur daonna – amhail roghnú na gcineálacha, an modh saothraithe a úsáidtear (úsáid uasta sholas na gréine, tanú na gcrobhaingí), bainistíocht fómhair (ag seiceáil na leibhéal siúcra, aigéadachta agus dea-bholaithe) agus cleachtais fíonóireachta (fuarchoipeadh, aosú i mbairillí adhmaid) – in éineacht leis an ithir agus an aeráid, lena gcumasaítear táirgeadh fíonta sonracha ar ardchaighdeán Twente.

Ní mór 100 % de na fíonchaora a úsáidtear chun fíonta a bhfuil ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Twente' acu a bheith fásta i limistéar tionscnaimh Twente. Baintear úsáid as na modhanna saothraithe seo a leanas in Twente chun fíonta ar ardchaighdeán a tháirgeadh:

— Roghnú cineálacha fíonchaor. Tá an tsaintréith chéanna ag na cineálacha fíonchaor roghnaithe go bhfásann agus go n-aibíonn siad go maith in aeráid thuaidh níos fionnuaire limistéar Twente. Cuireann roinnt cineálacha fíonsaothrúchán inbhuanaithe chun cinn freisin mar gheall ar a bhfrithsheasmhacht in aghaidh galair fhungasacha agus galair eile, agus dá bharr sin is féidir leis na fíonchaora a aibiú go sláintiúil chomh fada le mí Dheireadh Fómhair chun fíonta ar ardchaighdeán a tháirgeadh.

— Ní mór na fíonchaora a úsáidtear chun fíonta ATFC 'Twente' a tháirgeadh a fhás i gceann de na cineálacha ithreach seo a leanas i limistéar Twente: ithreacha plaggen, podsail agus ithreacha cré bholláin.

— Fásra idir rónna agus struchtúr ithreach. I limistéar Twente, soláthraítear leis an ithir ghainimh/dhúrabháin draenáil agus aerú maith na hithreach, rud atá fíor-riachtanach do tháirgeadh fíonta ar ardchaighdeán.

— Dlús plandaithe. Ní mór na rónna a bheith 2 mhéadar ó chéile ar a laghad, rud lena bhfágtar solas leordhóthanach an gréine a thitim ar an gceannbhrat (agus uillinn na gréine á cur san áireamh). Is féidir an dlús plandaithe inmhianaithe a chinneadh ar bhonn spreacadh an chineáil fíniúna agus fréamhstoic. (Chun ró-phrúnáil a sheachaint, ní mór níos mó spáis a thabhairt do chineálacha/fhréamhstoic bhríomhara.) Is féidir idir 3 000 agus 5 000 planda in aghaidh an heicteáir a phlandú.

— Modh treoraithe fíniúna. Úsáidtear na modhanna Guyot agus Tródam chun ceannbhrat seasta suas le 2,20 méadar a chruthú, lena n-áirithítear fótaisintéis leordhóthanach.

— Bainistíocht cheannbhrait. Chun fótaisintéis leordhóthanach a chumasú, coinnítear crios duilleoige 1 mhéadar ar a laghad ar bun os cionn an chreasa torthúcháin. Déantar barrscoitheadh na bhfíniúnacha chomh déanach agus is féidir (os cionn na sreinge uachtair) chun foirmiú (an iomarca) péacán cliathánach agus an ceannbhrat a bheith ró-dhlúth a chosc. Cuirtear ceannbhrat oscailte agus aerach ar bun chun a áirithiú go bhfaigheann na duilleoga uile an méid is fearr de sholas na gréine agus nach bhfanann an iomarca taise sa cheannbhrat. Baintear na duilleoga den chrios torthúcháin chun gur féidir leis na triopaill triomú go gasta tar éis aimsir fhliuch.

— Uastáirgeacht in aghaidh an heicteáir. Baintear úsáid as táirgeacht íseal in aghaidh an heicteáir ionas go bhfaigheann gach triopall cothaithigh leordhóthanacha chun aibiú optamach a ráthú. I gcás inar gá, is féidir triopaill a thanú (roimh thús na haibíochta) chun an táirgeacht a laghdú. Leagtar amach na táirgeachtaí uasta le haghaidh gach cineáil fíonchaor i bpointe 5.2.

— Tráth buainte. Cinntear an t-am optamach chun na fíonchaora a bhuaint ar bhonn a méid siúcra, a n-aigéadachta agus, thar aon ní eile, a ndea-bholaithe. Déanann an fíonsaothraí dlúth-fhaireachán ar aibiú na bhfíonchaor agus blaiseann sé na fíonchaora go laethúil thart ar thráth buainte chun a chinneadh cé acu a bhfuil nó nach bhfuil na dea-bholaithe aibí. (Ní féidir iad a thomhas ar an mbealach is féidir siúcraí agus aigéadacht a thomhas.)

— Buaint. Buantar na fíonchaora de láimh ionas gur féidir iad a shórtáil agus iad san fhíonghort fós. De rogha air sin, is féidir é sin a dhéanamh le meaisín, agus meaisíní sórtála a rialaítear agus braiteoirí á n-úsáid. Anuas air sin, chun próiseáil shláintiúil a áirithiú (sláinteachas, cosc ar fhás baictéir), tá sé tábhachtach na fíonchaora a phróiseáil go gasta chomh luath agus a bhuantar iad.

Leis an ithir, an aeráid agus na cleachtais saothraithe agus fíonóireachta áirithítear cáilíocht fhíon Twente.

8.5. *Na fionta*

Maidir le saintréithe orgánaileipteacha agus anailíseacha thuasluaite na bhfíonta a tháirgtear, amhail úire agus torthaíocht shainiúil na bhfíonta geala agus rosé agus tainniní boga na bhfíonta dearga, is de thoradh an naisc sin idir na gnéithe ithreach, aeráide agus daonna iad.

Déantar catagóirí eile an táirge fíniúna freisin seachas iad siúd sa chatagóir 'fíon' amháin, is é sin fíon licéir, fíon súilíneach ar ardchaighdeán, fíon leathshúilíneach aeraithe, fíon ó fhíonchaora rísínithe agus fíon ó fhíonchaora ró-aibí.

Is éard atá i bhfíon licéir bunfhíon ag a bhfuil na saintréithe orgánaileipteacha céanna leis an gcatagóir 'fíon' (mar gheall ar an meascán d'ithir, aeráid agus gníomhaíocht dhaonna), ach ag a bhfuil an méid siúcra iarmharaigh inmhianaithe d'fhíon licéir. Sa bhreis air sin, déantar fíon licéir a aosú i mbairillí le haghaidh 2 bhliain ar a laghad (ag ceadú dó tainniní níos boige agus blasanna adhmadacha a fhorbairt) agus cuirtear alcól fíona leis chun licéar a dhéanamh den fhíon.

Déantar fíon súilíneach ar ardchaighdeán as bunfhíon ag a bhfuil na hairíonna orgánaileipteacha céanna leis an gcatagóir 'fíon' (an úire agus torthaíocht chéanna mar gheall ar an meascán d'ithir, aeráid agus gníomhaíocht dhaonna). Tá saintréithe aige freisin a thagann ó aistriú an bhunfhíona chuig fíon súilíneach agus an modh traidisiúnta á úsáid, rud a thugann mús galánta don fhíon.

Déantar fíon leathshúilíneach aeraithe as bunfhíon oiriúnach a bhuidéalaítear (le CO_2) mar fhíon leathshúilíneach, arb é fíon úr, torthaíoch ina bhfuil súilíní, agus ina bhfuil dea-bholadh agus blas na dtorthaí dearga chun tosaigh de thoradh an mheascáin d'ithir, aeráid agus gníomhaíocht dhaonna.

Tagann an tiúchan siúcraí agus dea-bholaithe i bhfíon ó fhíonchaora rísínithe ón gcéim fhíor-riachtanach ina ndéantar na fíonchaora a aibiú ar feadh tréimhse níos faide sula dtriomaítear ar feadh 2 sheachtain ar a laghad iad. Dá réir sin, táirgtear leis an bpróiseas fuarchoipthe fíon ag a bhfuil neart alcóil iarbhír íosta de 9 %. Tá an tiúchan dea-bholaithe san fhíon torthaíoch sin mar gheall ar an ithir, an aeráid agus gníomhaíocht dhaonna.

Díorthaítear ardmhéid siúcra an fhíona ó fhíonchaora ró-aibí ón gcéim fhíor-riachtanach ina ligtear do na fíonchaora aibiú ar feadh tréimhse níos faide. Dá réir sin, táirgtear leis an bpróiseas fuarchoipthe, gan saibhriú, fíon torthaíoch ag a bhfuil neart alcóil iarbhír íosta de 12 %. Is toradh é an fíon sin ar idirghabháil mhór dhaonna, agus barr á úsáid ar féidir é a bheith ann mar gheall ar an aeráid agus an ithir.

9. **Coinníollacha breise fíor-riachtanacha (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Creat dlíthiúil :

Reachtaíocht an Aontais

Cineál an choinníll bhreise :

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll :

Féadfar an t-ainm ‘Esker-Langeveen’ a chur le ‘Twente’, ainm an limistéir tionscnaimh, chun réigiún bunáitíochta níos lú a ainmniú laistigh den limistéar críochaithe. Sa chás sin, ní mór 85 % ar a laghad de na fíonchaora a bheith ón réigiún sin.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://www.rvo.nl/sites/default/files/2022-05/Productdossier-BOB-Twente.pdf